Deireadh Fómhair 2023

# PARLAIMINT NA hEORPA

## Treoir d'iarrthóirí i gcomórtais/nósanna imeachta roghnúcháin oscailte eagraithe ag Parlaimint na hEorpa

*Chun críocha an doiciméid seo, tagraíonn an téarma 'fógra' do 'fógra comórtais' i gcomhthéacs comórtais agus do 'fógra earcaíochta' i gcomhthéacs nós imeachta roghnúcháin.*

## 1. RÉAMHRÁ

*Cad atá i gceist le comórtas/nós imeachta roghnúcháin?*

Sraith céimeanna atá i gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin ina dtéann na hiarrthóirí in iomaíocht lena chéile. Bíonn siad ar oscailt do gach saoránach den Aontas Eorpach a chomhlíonann, ar an dáta deiridh atá socraithe chun iarratais a chur isteach, na critéir incháilitheachta. Tugann siad deis chothrom do na hiarrthóirí go léir a n-inniúlachtaí a léiriú agus tugann sé an deis roghnú a dhéanamh bunaithe ar thuillteanas, agus prionsabal na córa comhionainne á urramú.

Déantar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo sa chomórtas/nós imeachta roghnúcháin a chur ar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha as a roghnaíonn Parlaimint na hEorpa daoine do na poist a luaitear san fhógra comórtais de réir mar is gá agus nuair is gá.

Déantar bord roghnúcháin[1] a cheapadh i gcás gach comórtais/nós imeachta roghnúcháin. Ainmníonn a fhoireann riaracháin agus an Coiste Foirne comhaltaí an bhoird roghnúcháin. Is ar mhodh rúin a dhéantar obair an bhoird roghnúcháin agus cuirtear an obair sin i gcrích i gcomhréir le hIarscríbhinn III a ghabhann le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh[2].

Déanann an bord roghnúcháin na critéir incháilitheachta don chomórtas, arna leagan síos san fhógra, a chur i bhfeidhm go docht le linn dó cinneadh a dhéanamh maidir le gach iarrthóir i dtaobh glacadh nó gan glacadh lena n-iarratas. Má glacadh le hiarrthóir i gcomórtas nó i nós imeachta roghnúcháin roimhe seo, ní hionann sin agus a rá go bhfuil siad incháilithe go huathoibríoch don nós imeachta seo.

Chun go ndéanfar na hiarrthóirí is fearr a roghnú, déanfaidh an bord roghnúcháin comparáid idir feidhmíocht na n-iarrthóirí chun breithniú a dhéanamh ar a gcumas na cúraimí a bhfuil tuairisc orthu san fhógra a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, ní hamháin go bhfuil ar an mbord an

[1] Chun críocha an doiciméid seo, tagraíonn an téarma "bord roghnúcháin" d'aon chineál coiste roghnúcháin agus do gach cineál giúiré. I gcomhthéacs comórtais, is giúiré é. I gcomhthéacs nós imeachta roghnúcháin,, is bord roghnúcháin é.

[2] Féach Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

leibhéal eolais a mheas ach ní foláir dó freisin na daoine is fearr atá cáilithe don phost a shainaithint, bunaithe ar thuillteanas na n-iarrthóirí.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go dtógann sé idir 6 agus 12 mhí de ghnáth comórtas/nós imeachta roghnúcháin a thabhairt chun críche, ag brath ar an líon iarrthóirí.

## 2. NA CÉIMEANNA A BHÍONN I gCOMÓRTAS/NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

Seo a leanas na céimeanna a bhíonn i gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin:

- glacadh le comhaid iarratais;
- réamhroghnúchán (má fhoráiltear dó sin san fhógra) agus ligean isteach (measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta);
- measúnú ar cháilíochtaí (má fhoráiltear dó sin san fhógra);
- trialacha;
- liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

### *2.1 Glacadh le comhaid iarratais*

Caithfear clárú ar an ardán ar líne Apply4EP agus ar an ardán sin amháin, agus na céimeanna uile a leanúint go dílis go dtí an chéim dheiridh ina ndéantar bailíochtú go leictreonach ar d'iarratas (féach roinn 3 den treoir seo). Maidir leis na doiciméid tacaíochta ábhartha go léir atá ag teastáil chun a chruthú go gcomhlíonann tú na coinníollacha atá luaite san fhógra, beidh ort iad sin a chur i gceangal agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF. Cuireann na doiciméid sin ar chumas an bhoird roghnúcháin cruinneas na faisnéise a chuirtear isteach a sheiceáil. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil.

Tabhair do d'aire go ligeann Apply4EP duit doiciméid i bhformáid DOC, DOCX, GIF, JPG, TXT, PDF, PNG agus RTF a uaslódáil, lena dtugtar cruthúnas den taithí ghairmiúil, de na céimeanna/dioplómaí agus, i gcás inarb ábhartha, den eolas ar theangacha atá luaite sa chomhad iarratais. Ní fhéadfaidh aon doiciméad a bheith níos mó ná 5 MB.

Cuirfidh an tÚdarás Ceapacháin liosta le chéile d'iarrthóirí a chuir isteach a n-iarratas i gcomhréir leis na socruithe a shonraítear san fhógra agus faoin dáta deiridh i gcomhair iarratais, agus ansin cuirfidh sé an liosta sin ar aghaidh chuig an mbord roghnúcháin in éineacht leis na comhaid.

### *2.2 Réamhroghnúchán agus ligean isteach (measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta);*

#### 2.2.1 Réamhroghnúchán

Má tá céim an réamhroghnúcháin san fhógra, féadfaidh fochéim amháin nó dhá fhochéim a bheith i gceist:

a. sraith ceisteanna ilrogha (MCQ) agus/nó
b. meastóir tallainne

***<u>Cás 1: Ní eagraítear ach an MCQ</u>***

Más rud é gur chuir tú d'iarratas isteach i gcomhréir leis na socruithe a sonraíodh, tabharfar cuireadh duit an triail réamhroghnúcháin a dhéanamh i bhfoirm sraith MCQ ar ríomhaire. Déanfar an triail a mharcáil le ríomhaire. Gheobhaidh tú trí do chuntas Apply4EP samplaí de na ceisteanna agus na treoracha maidir le conas an triail ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh.

Déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ar chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta ginearálta agus sonrach (féach roinn 2.2.2 den treoir seo), agus déanfaidh sé comhaid iarratais na n-iarrthóirí **in ord íslitheach na bpointí a ghnóthaigh siad sa triail MCQ**. Scoirfidh an bord roghnúcháin den mheasúnú nuair a bheidh an líon uasta iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chuig an gcéad chéim eile den chomórtas/nós imeachta roghnúcháin bainte amach. Ligfidh an bord roghnúcháin isteach na hiarrthóirí ar fad atá ar comhscór don áit dheireanach.

***<u>Cás 2: Ní eagraítear ach fochéim an mheastóra tallainne</u>***

Tá an meastóir tallainne (foirm) i gceangal leis an bhfógra. **<u>Ní mór duit é a chomhlánú agus a uaslódáil san áit chuí in Apply4EP nuair a chuirfidh tú d'iarratas isteach ar an ardán.</u>**

Chun na hiarrthóirí a roghnú lena ligean isteach sa chéad chéim eile den chomórtas/nós imeachta roghnúcháin, déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí (go háirithe dioplómaí/céimeanna, eolas ar theangacha agus taithí oibre) agus ar a ábhartha atá na cáilíochtaí sin do na dualgais a bheidh le comhlíonadh agus do na critéir roghnúcháin atá leagtha amach san fhógra. Is ar bhonn na bhfreagraí a thabharfaidh na hiarrthóirí sa mheastóir tallainne, **agus ar an mbonn sin amháin**, a thabharfaidh an bord roghnúcháin pointí. Déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú freisin ar chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta ginearálta agus sonrach (féach roinn 2.2.2 den treoir seo). Tá líon na n-iarrthóirí a ligfidh an bord roghnúcháin isteach sa chéad chéim eile sonraithe san fhógra (lena n-áirítear aon iarrthóirí atá ar comhscór don áit dheireanach).

***<u>Cás 3: Eagraítear an triail MCQ agus fochéim an mheastóra tallainne araon</u>***

Tá an meastóir tallainne (foirm) i gceangal leis an bhfógra. **<u>Ní mór duit é a chomhlánú agus a uaslódáil san áit chuí in Apply4EP nuair a chuirfidh tú d'iarratas isteach ar an ardán.</u>**

Más rud é gur chuir tú d'iarratas isteach i gcomhréir leis na socruithe a sonraíodh, tabharfar cuireadh duit an triail réamhroghnúcháin a dhéanamh i bhfoirm sraith MCQ ar ríomhaire. Déanfar an triail a mharcáil le ríomhaire. Gheobhaidh tú trí do chuntas Apply4EP samplaí de na ceisteanna agus na treoracha maidir le conas an triail ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh.

Chun na hiarrthóirí a roghnú lena ligean isteach sa chéad chéim eile den chomórtas/nós imeachta roghnúcháin, déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ansin ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí (go háirithe dioplómaí/céimeanna, eolas ar theangacha agus taithí oibre) agus ar a

ábhartha atá na cáilíochtaí sin do na dualgais a bheidh le comhlíonadh agus do na critéir roghnúcháin atá leagtha amach san fhógra.

**Ina theannta sin, ní dhéanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ach ar mheastóirí tallainne na n-iarrthóirí a ghnóthaigh na scóir is airde sa triail MCQ** (lena n-áirítear aon iarrthóirí atá ar comhscór don áit deiridh), agus sonrófar san fhógra an líon iarrthóirí atá le ligean isteach go dtí an chéad chéim eile. Ní chuirfear san áireamh comhaid iarratais agus meastóirí tallainne na n-iarrthóirí a thiteann faoi bhun na tairsí sin.

Is ar bhonn na bhfreagraí a thabharfaidh na hiarrthóirí sa mheastóir tallainne, **agus ar an mbonn sin amháin**, a thabharfaidh an bord roghnúcháin pointí. Déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú freisin ar chomhlíonadh na gcritéar incháilitheachta ginearálta agus sonrach (féach roinn 2.2.2 den treoir seo). Ligfidh an bord roghnúcháin isteach na hiarrthóirí ar fad atá ar comhscór don áit dheireanach.

### 2.2.2 Ligean isteach (measúnú ar chomhlíonadh na gcrítéar incháilitheachta)

Scrúdóidh an bord roghnúcháin na comhaid iarratais agus tarraingeoidh sé suas liosta iarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta atá leagtha amach san fhógra. Bunóidh sé a chinntí **go huile agus go hiomlán** ar an bhfaisnéis atá tugtha san fhoirm iarratais agus **a dtugann na doiciméid tacaíochta bonn cirt di**. I gcás chéim an réamhroghnúcháin (féach roinn 2.2.1 den treoir seo), cuirtear toradh an réamhroghnaithe san áireamh sa liosta seo de réir na gcoinníollacha atá sonraithe san fhógra.

Ní foláir mionsonraí iomlána maidir le cúrsaí léinn, oiliúint, taithí ghairmiúil agus eolas ar theangacha a bheith tugtha san fhoirm iarratais, eadhon:

— cúrsaí léinn: dátaí tosaigh agus deiridh, chomh maith le cineál an dioplóma/na ndioplómaí (na céime na gcéimeanna) agus na n-ábhar a ndearnadh staidéar orthu;

— taithí ghairmiúil: an dáta tosaigh agus an dáta deiridh do gach tréimhse iomchuí agus **tuairisc bheacht ar chineál na gcúraimí a comhlíonadh.** Ba cheart an t-am oibre nó an líon uaireanta an chloig oibre in aghaidh an lae/na seachtaine/na míosa a shonrú freisin.

— teangacha: an teanga a roghnaigh tú mar theanga 1 agus an leibhéal eolais atá agat uirthi, do theanga 2 agus an leibhéal eolais, agus na teangacha eile a bhfuil máistreacht agat orthu. I gcás próifílí na dteangeolaithe, agus má shonraítear san fhógra iad: do theanga 3 freisin agus an leibhéal eolais atá agat uirthi, agus do theanga 4 agus an leibhéal eolais. Ní mór duit do leibhéal a chur in iúl de réir Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (https://europa.eu/europass/en/common-european-framework-reference).

Má tá staidéir, ailt, tuarascálacha nó téacsanna eile foilsithe agat a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu san fhógra, ní mór duit é sin a lua ar an bhfoirm iarratais.

Ag an gcéim seo, aon iarrthóirí nach gcomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach san fhógra, iarrthóirí nach leor a gcuid doiciméad tacaíochta agus/nó nach dtacaíonn a gcuid doiciméad tacaíochta go beacht leis an bhfaisnéis a soláthraíodh ar an bhfoirm iarratais agus iarrthóirí nach gcuireann a gcuid doiciméad tacaíochta ar chumas an bhoird roghnúcháin a fhíorú go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta atá leagtha amach san fhógra, ní ghlacfar lena n-iarratas.

Cuirfear in iúl duit trí ríomhphost chugat féin cé acu a chinn nó nár chinn an bord roghnúcháin tú a ligean isteach sa chéad chéim eile den chomórtas/nós imeachta roghnúcháin.

*2.3 Measúnú cáilíochtaí*

Má luaitear sin san fhógra, déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí ar éirigh leo chun na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun na dtrialacha dóibh a roghnú. Bunóidh an coiste a chinntí **go huile agus go hiomlán** ar an bhfaisnéis atá tugtha san fhoirm iarratais **agus a dtugann na doiciméid tacaíochta ábhartha bonn cirt di**, agus is fearr é má bhíonn na doiciméid tacaíochta sin i bhformáid PDF. Déanfaidh an bord roghnúcháin a chinntí bunaithe ar na critéir a leag sé síos roimh ré, agus na cáilíochtaí atá leagtha amach san fhógra á gcur san áireamh.

Cuirfear ar an eolas thú trí ríomhphost chugat féin faoi chinneadh an bhoird roghnúcháin cé acu cuireadh chun na trialacha a thabhairt don iarrthóir nó gan cuireadh a thabhairt dóibh.

*2.4 Trialacha*

Tá na trialacha go léir éigeantach agus tá feidhm dhíbeartha ag roinnt leo. Tá an líon uasta d'iarrthóirí a nglacfar leo i gcomhair na dtrialacha leagtha síos san fhógra. Tá tuairisc ar na trialacha agus ar na pointí is féidir a bhronnadh ina leith san fhógra.

**Sonraíochtaí teicniúla — Trialacha ar líne (triail MCQ agus triail/trialacha scríofa)**

Oibríonn Parlaimint na hEorpa le soláthraí seirbhíse (TestWe) chun na trialacha ar líne a reáchtáil.

**Tabhair do d'aire nach bhfuil rochtain dhigiteach ar na bogearraí trialach ar líne faoi láthair (féach roinn 3.1.1 den treoir seo le haghaidh tuilleadh eolais).**

Beidh ríomhaire (deisce nó glúine) ag teastáil uait le:

- Córas oibriúcháin Microsoft Windows 10 nó leaganacha níos déanaí nó Apple OS X 10.13 nó leaganacha níos déanaí i gcás MAC;
- 1 GB de spás saor ar an diosca crua,
- ceamara éadain ceangailte nó ceamara éadain ar cuid de do ríomhaire é,
- nasc idirlín,
- 4 GB RAM.

Cuirfear ar an eolas thú roimh an triail/na trialacha maidir le haon athruithe ar na híoscheanglais theicniúla a thiocfaidh as nuashonrú ar na bogearraí.

Ní oibreoidh na córais oibriúcháin XP, Vista ná cinn níos sine, Windows 10 S, Windows ARM (RT), MacOS níos sine ná 10.11, IOS (Ipad, Iphone), Android, Chromebook, Meaisín fíorúil, Linux (Debian, Ubuntu, etc) agus OS 32-ghiotán.

Ina theannta sin, ní mór duit cearta riarthóra a bheith agat don ríomhaire deisce nó glúine chun bac a chur ar rochtain ar fheidhmchláir (doiciméid, bogearraí eile, suíomhanna gréasáin, etc.) cé is moite d'fheidhmchlár an tsoláthraí seirbhísí, agus an triail/na trialacha ar siúl.

Ní mór duit a chinntiú go bhfuil do ríomhaire ar an dáta agus am ceart agus go bhfuil taifeach do scáileáin ceart.

**Ní mór duit an t-ardán a íoslódáil, a shuiteáil, a sheiceáil agus a thástáil a luaithe agus is féidir (seachtain amháin roimh an triail/na trialacha ar a laghad)**. Chun an feidhmchlár a thástáil tar éis a shuiteála, iarrfar ort tástáil réamhriachtanais a dhéanamh nuair a gheobhaidh tú rochtain air. **Caithfear an tástáil réamhriachtanais a dhéanamh agus ní mór í a dhéanamh ar an ríomhaire a úsáidfear ar lá na trialach/na dtrialacha**. Ní gheobhaidh tú aon phointí ón tástáil réamhriachtanais. Cuirfidh an tástáil ar do chumas cur amach a fháil ar an ardán agus ar conas é a úsáid.

**Ní mór gach bogearra frithvíreas ar an ríomhaire deisce nó glúine a bheith díghníomhachtaithe agus an t-ardán á úsáid.**

**Cuirfear tuilleadh eolais agus treoracha faoin seisiún trialacha chugat leis an ríomhphost ina dtabharfar cuireadh duit an triail/na trialacha a dhéanamh.**

**Lá na trialach/na dtrialacha: Má bhíonn fadhb agat le linn na trialach/na dtrialacha, déan teagmháil láithreach leis an soláthraí seirbhísí ar an teileafón ag +33 1 76 41 14 88** ionas gur féidir an fhadhb a réiteach agus leanúint ar aghaidh le do thriail.

Más rud é nach ndéanfar na trialacha go léir, ní mharcálfar iad.

**Ní féidir an triail nó na trialacha a dhéanamh ach amháin ar an dáta agus ag an am a bheidh sonraithe sa chuireadh chun na trialach/na dtrialacha MCQ nó scríofa ar líne. Mura mbeidh tú in ann an triail nó na trialacha a dhéanamh, ní bheidh deis eile agat iad a dhéanamh.**

### *2.5 Líosta d'iarrthóirí oiriúnacha*

Foilseofar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach san fhógra.

Is ionann ainm iarrthóra a bheith ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha agus a léiriú go bhféadfaidh ceann de sheirbhísí na hinstitiúide cuireadh chun agallaimh a thabhairt don duine sin, ach ní hionann é sin agus ceart ná ráthaíocht go ndéanfaidh an institiúid an t-iarrthóir sin a earcú.

## 3. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

### *3.1 Forálacha ginearálta*

Sula ndéanfaidh tú iarratas, ba cheart duit a sheiceáil go cúramach go gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta go léir, trí aird a thabhairt ar an bhfógra agus ar an treoir seo agus trí ghlacadh leis na téarmaí.

Is tríd an ardán ar líne, Apply4EP, a dhéantar iarratais ar chomórtais/nósanna imeachta roghnúcháin Pharlaimint na hEorpa. Is féidir é a rochtain ag: https://apply4ep.gestmax.eu. Chun cuntas a chruthú ar Apply4EP, cliceáil ar an táb 'Déan iarratas ar líne' atá le fáil ag deireadh an fhógra a dteastaíonn uait iarratas a dhéanamh ina leith agus lean na treoracha.

Ní féidir leat ach aon chuntas **amháin** a chruthú. Is féidir leat, áfach, na sonraí pearsanta atá cláraithe agat a mhodhnú chun an fhaisnéis a bhaineann leat a thabhairt cothrom le dáta.

**NB:** Má fhágann tú an leathanach gan sábháil sula mbeidh d'iarratas críochnaithe agat nó má bhíonn an t-am istigh don seisiún ar Apply4EP (am uasta 120 nóiméad), caillfidh tú an fhaisnéis a d'uaslódáil tú agus beidh ort tosú arís. Bíodh na doiciméid tacaíochta go léir atá le cur i gceangal le do chomhad iarratais ullmhaithe agat roimh ré.

**Beidh ort an fhoirm iarratais a chomhlánú ar líne** agus gach doiciméad tacaíochta a éilítear a chur i gceangal leis an iarratas, agus is fearr é má bhíonn na doiciméid tacaíochta sin i bhformáid PDF. Beidh ort a chruthú go gcomhlíonann tú na coinníollacha ar fad atá leagtha amach san fhógra, rud a chuirfidh ar chumas an bhoird roghnúcháin cruinneas na sonraí a sheiceáil. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil.

Ní bheidh sé indéanta a thuilleadh iarratas a dhéanamh i ndiaidh an dáta agus am deiridh don chomórtas a leagtar síos san fhógra. **Moltar go láidir duit gan fanacht go dtí an lá deireanach sula gcuirfidh tú d'iarratas isteach.** Ní fhéadfar Parlaimint na hEorpa a chur faoi dhliteanas i gcás fadhbanna teicniúla ag an nóiméad deireanach a d'fhéadfadh a bheith agat de dheasca ró-ualú ar an gcóras.

Ní ghlacfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain le hiarratais a chuirfear isteach trí lámhsheachadadh.

### 3.1.1 Freastal réasúnta

Má tá tú faoi mhíchumas nó má fhágann na cúinsí ina bhfuil tú go bhféadfadh fadhbanna teacht chun cinn le linn na dtrialacha (e.g. toircheas, beathú cíche, fadhbanna sláinte, cóir leighis, etc.), ní mór duit é sin a shonrú ar an bhfoirm iarratais. Más mian leat freastal réasúnta a iarraidh, beidh ort foirm iarratais a líonadh isteach, ag an am cuí, agus teastas a fuair tú le déanaí ó d'údarás náisiúnta nó teastas leighis a fuair tú le déanaí ag gabháil léi. Ba cheart go mbeadh do dhiagnóis phearsanta ar an bhfoirm nó ba cheart go míneodh nó go ndeimhneodh go soiléir léi do chás nó do riocht sláinte mar atá aitheanta ag do chóras sláinte náisiúnta. Más infheidhme, ba cheart an céatadán de do lagú (fisiceach nó meabhrach) a áireamh inti. Déanfar na doiciméid tacaíochta a scrúdú ionas go bhféadfar freastal réasúnta a dhéanamh más gá. Ba cheart an fhaisnéis sin a bheith réidh agat ar ghearrfhógra chun gur féidir le Seirbhís Liachta na Parlaiminte d'iarraidh a phróiseáil i bhfad roimh an triail/na trialacha.

Más rud é nár chuir tú in iúl ar d'fhoirm iarratais go bhféadfadh freastal réasúnta a bheith de dhíth ort, agus má mheasann tú níos déanaí sa phróiseas go bhfuil sé uait, is fút féin atá sé an méid sin a chur in iúl don Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain i bhfad roimh na trialacha trí do chuntas Apply4EP. **Níor cheart aon fhaisnéis leighis a sheoladh chuig an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain.**

Tabhair do d'aire nach féidir na bogearraí tástála ar líne (TestWe) a rochtain go digiteach faoi láthair. Má bhíonn fadhb agat le linn na tástála, bheadh ort dul i dteagmháil le líne chabhrach an tsoláthraí seirbhíse ar an nguthán. Dá bhrí sin, déanfar socruithe malartacha, i gcás inarb iomchuí, d'iarrthóirí (e.g. iarrthóirí a bhfuil lagú amhairc nó éisteachta orthu nó dóibh siúd a bhfuil neamhord urlabhra agus/nó teanga acu) a d'iarr freastal réasúnta agus ar choinníoll go bhformheasfaidh Seirbhís Liachta na Parlaiminte a n-iarraidh.

*3.2 Cén chaoi ar cheart comhad iarratais comhlánaithe a chur isteach?*

1. Déan iarratas ar líne trí dhul chuig an nasc san fhógra agus comhlánaigh na céimeanna uile go cruinn cúramach. Chun é sin a dhéanamh, ní mór duit cuntas AMHÁIN a bheith agat ar ardán Apply4EP, is féidir leat a chruthú trí chliceáil ar an táb 'Déan iarratas ar líne'.

2. **Déan na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir a chur i gceangal leis an iarratas**. Is fearr iad a bheith tiontaithe go dtí formáid PDF roimh ré. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil. Ceadaítear doiciméid a uaslódáil chuig an ardán Apply4EP ar uasmhéid de **5 MB** in aghaidh an doiciméid.

3. Déan d'iarratas a bhailíochtú trí na treoracha san fheidhmchlár a leanúint, agus bíodh sé sin déanta agat faoin dáta deiridh atá leagtha síos san fhógra. **Déan deimhin de go mbeidh an comhad iarratais comhlánaithe go cuí agat agus go mbeidh na doiciméid tacaíochta riachtanacha ar fad ag gabháil leis sula gcuirfidh tú isteach é. A luaithe a bheidh sé bailíochtaithe, ní bheidh tú in ann aon athruithe a dhéanamh ar an gcomhad iarratais ná ní bheidh tú in ann aon doiciméad eile a chur leis.**

*3.3 Cad iad na doiciméid tacaíochta nach mór a chur i gceangal leis an iarratas?*

**3.3.1 Forálacha ginearálta**

Ní gá gur cóipeanna deimhnithe a bheadh sna doiciméid a uaslódálfaidh tú le d'iarratas ar líne, agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF.

Ní doiciméid tacaíochta bhailí iad tagairtí do shuíomhanna gréasáin ná do na cuntais shóisialta.

Ní mheasfar gur deimhniúcháin iad asphriontaí de leathanaigh as suíomhanna gréasáin, ach féadfar iad a chur i gceangal mar fhaisnéis bhreise agus chun na críche sin amháin.

**Ní mheastar gurb ionann *curriculum vitae* agus doiciméad tacaíochta le haghaidh taithí ghairmiúil, céim/céimeanna nó dioplómaí nó, i gcás inarb ábhartha, eolas ar theangacha**.

Agus do chomhaid iarratais á thiomsú agat, ní fhéadfaidh tú tagairt a dhéanamh do dhoiciméid, do chomhaid iarratais ná do dhoiciméid eile a uaslódáladh mar chuid d'iarratas a rinneadh roimhe seo.

**3.3.2 Doiciméid tacaíochta a chruthaíonn go bhfuil na critéir ghinearálta incháilitheachta á gcomhlíonadh**

Ní iarrtar doiciméad ar bith ag an bpointe seo chun a chruthú:

— go bhfuil tú i do náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,

— go bhfuil do lánchearta mar shaoránach á dteachtadh agat;

— go bhfuil do dhualgais comhlíonta agat i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí;

— go bhfuil na teistiméireachtaí carachtair agat is iomchuí chun na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh;

**Ní mór duit tic a chur sa bhosca chun a dhearbhú ar d'onóir** go bhfuil na critéir á gcomhlíonadh agat agus go bhfuil an fhaisnéis a thug tú fíor agus iomlán. Iarrfar ort na doiciméid sin a chur ar fáil má dhéantar tú a earcú.

### 3.3.3 Doiciméid tacaíochta a bhaineann leis na critéir incháilitheachta shonracha, leis an réamhroghnúchán agus leis an measúnú ar cháilíochtaí

Tá ort an fhaisnéis go léir agus na doiciméid uile a sholáthar don bhord roghnúcháin a chuirfidh ar chumas an bhoird sin beachtas na faisnéise atá tugtha sa chomhad iarratais a dheimhniú.

- **Dioplómaí/céimeanna agus/nó teastais lena ndeimhnítear gur bhain na hiarrthóirí cáilíocht amach i gcúrsa léinn**

Ní foláir duit cóip de na dioplómaí nó teastais oideachais meánscoile, dioplómaí/céimeanna ollscoile nó teastais atá agat lena ndeimhnítear gur bhain tú cáilíocht amach i gcúrsa léinn ar an leibhéal a éilítear san fhógra a chur ar fáil le d'iarratas ar líne agus is fearr é má bhíonn na doiciméid sin i bhformáid PDF. Is fútsa atá sé doiciméid inléite a chur ar fáil.

Tabharfaidh an bord roghnúcháin aird, i ndáil leis sin, ar chórais dhifriúla oideachais Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II den treoir seo). Maidir leis na dioplómaí/céimeanna, cibé an i mBallstát nó i dtír nach bhfuil san Aontas a bhronntar iad, ní mór iad a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil Ballstáit den Aontas Eorpach, amhail Aireacht Oideachais Ballstáit den Aontas Eorpach. Na hiarrthóirí a bhfuil dioplómaí/céimeanna acu a bhronn Ballstát nach Ballstát den Aontas Eorpach é, ní mór dóibh coibhéis Eorpach a gcuid dioplómaí/céimeanna a cheangal lena n-iarratas. Tá tuilleadh eolais faoi cháilíochtaí neamh-AE a aithint ar fáil i líonraí ENIC-NARIC (https://www.enic-naric.net/).

Maidir le dioplómaí/céimeanna tríú leibhéal, ní foláir an fhaisnéis is mionsonraithe agus is féidir a chur ar fáil, go háirithe maidir leis na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus an tréimhse a mhair na cúrsaí, ionas go mbeidh ar chumas an bhoird roghnúcháin a mheas, má shonraítear san fhógra é, cé chomh hábhartha do chúraimí an phoist atá na dioplómaí/céimeanna sin.

Má chuireann tú dioplómaí/céimeanna isteach a bhaineann le hoiliúint theicniúil nó ghairmiúil, le breisoiliúint nó le cúrsaí speisialtóireachta, ní mór duit a lua cé acu cúrsa lánaimseartha nó páirtaimseartha a bhí i gceist leis an gcúrsa, ranganna tráthnóna, chomh maith leis na hábhair a ndearnadh staidéar orthu agus fad oifigiúil na gcúrsaí. Iarrtar ort an fhaisnéis sin ar fad a uaslódáil in aon doiciméad amháin agus is fearr é má bhíonn sé i bhformáid PDF.

- **Taithí ghairmiúil**

Ní chuirfear taithí ghairmiúil san áireamh ach amháin más rud é **go bhfuair tú í i ndiaidh duit an chéim/dioplóma nó an cháilíocht léinn is gá a bhaint amach**. Ní mór cruthúnas a thabhairt sna doiciméid tacaíochta ar **thréimhse agus leibhéal** na taithí gairmiúla agus ní mór **cur síos chomh mionsonraithe agus is féidir** a dhéanamh **ar an obair a rinne tú** ionas go mbeidh an bord roghnúcháin in ann ábharthacht do thaithí maidir le dualgais an phoist a mheas. Má tá níos mó ná doiciméad amháin agat don taithí ghairmiúil chéanna, beidh ort iad sin a

uaslódáil mar aon doiciméad amháin. Ceadaítear doiciméid a uaslódáil chuig an ardán Apply4EP ar uasmhéid de 5 MB in aghaidh an doiciméid.

Ní foláir go mbeadh doiciméad tacaíochta ann le aghaidh gach tréimhse d'obair ghairmiúil lena mbaineann, mar shampla:

- deimhniúcháin ó iarfhostóirí agus ón bhfostóir reatha lena ndeimhnítear an taithí ghairmiúil a éilítear chun cur isteach ar an gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin;

- más rud é, ar chúiseanna rúndachta, nach féidir leat ráitis den sórt sin a chur i gceangal leis an iarratas, **ní mór duit** fótachóipeanna de do chonradh fostaíochta nó litir earcaíochta agus do chéad ráiteas tuarastail, agus an ceann is déanaí, a chur i gceangal leis;

- i gcás nach thar ceann fostóra a rinneadh an obair ghairmiúil (duine féinfhostaithe, duine a ghabhann le saorghairmeacha etc.), glacfar mar chruthúnas le sonraisc ina dtugtar mionsonraí faoi na seirbhísí a soláthraíodh nó le haon doiciméad tacaíochta oifigiúil eile atá ábhartha.

Ní chuirfear san áireamh gach tréimhse ar leith de thaithí ghairmiúil ach aon uair amháin. Ba cheart don taithí ghairmiúil a bheith ábhartha i leith na ndualgas riachtanach, agus ba cheart gur fíor-obair agus obair éifeachtach a bhí inti agus go bhfuarthas luach saothair ina leith. Déanfar cásanna áirithe de thaithí ghairmiúil, áfach, a chur san áireamh mar seo a leanas:

- taithí ghairmiúil mar oibrí deonach: más rud é go raibh an taithí sin faoi rialú ag conradh nó ag comhaontú foirmiúil coibhéiseach agus más rud é gur mhair sí cúig mhí lánaimseartha ar a laghad. Ní rachaidh an creidmheas iomlán le haghaidh taithí mar oibrí deonach thar aon bhliain amháin;
- sealanna oiliúna íoctha nó neamhíoctha: mura raibh siad mar chuid de chúrsa staidéir agus murar mhair siad níos lú ná cúig mhí lánaimseartha. Ní rachaidh an creidmheas iomlán do shealanna oiliúna thar aon bhliain amháin. Ní mheasfar gur taithí ghairmiúil ábhartha seal oiliúna ach amháin i gcás inar mhair sé ar feadh na tréimhse íosta is gá chun rochtain a fháil ar ghairm, agus ar choinníoll gur bhain an té lena mbaineann amach go hiarbhír an ceart chun an ghairm i dtrácht a chleachtadh agus ar an gcoinníoll sin amháin.
- seirbhís mhíleata nó shibhialta éigeantach: tugtar creidmheas ina leith don fhad ama a rinneadh go hiarbhír sa tseirbhís. Sa chás áirithe sin, cuirfear an taithí san áireamh gan beann ar an dáta a fuarthas an dioplóma/an chéim lena dtugtar rochtain ar an ngrúpa feidhme ábhartha agus ar an ngrád ábhartha;
- saoire mháithreachais/atharthachta/uchtála/thuismitheoireachta/theaghlaigh: má tá sí cumhdaithe ag conradh fostaíochta; meastar gur obair 100 faoin gcéad í gan beann ar an tsaoire sin a bheith tógtha ar bhonn lánaimseartha nó leathaimseartha;
- dochtúireacht: ar feadh trí bliana ar a mhéid, ar choinníoll gur baineadh amach go hiarbhír an dochtúireacht;
- obair pháirtaimseartha; ríofa ar bhonn *pro rata* bunaithe ar an líon uaireanta an chloig a oibríodh (e.g. mheasfaí gur 4 mhí a oibríodh i gcás dhá lá oibre i seachtain oibre cúig lá, ar feadh tréimhse 10 mí). Mar sin féin, is féidir leis an mbord roghnúcháin, agus a chumhacht lánroghnach á fheidhmiú aige, cinneadh a dhéanamh taithí oibre a mheas mar thaithí lánaimseartha a chuimsíonn taithí leathaimseartha ar a laghad. Ciallaíonn sé sin gur féidir taithí oibre de 50 faoin gcéad den ghnáth-am oibre nó níos mó i gcomparáid le hobair lánaimseartha a ríomh mar thaithí oibre lánaimseartha (i.e. ag 100 faoin gcéad).

- **Eolas ar theangacha**

Ní gá aon doiciméad a bheith sa chomhad iarratais chun a chruthú go bhfuil eolas agat ar theangacha atá sonraithe i d'fhoirm iarratais, ach amháin sna cásanna sonracha dá bhforáiltear go sainráite san fhógra. I gcás phróifíl na dteangeolaithe, áfach, beidh ort cruthúnas a chur ar fáil maidir leis an tríú teanga agus an ceathrú teanga, atá ar cheann de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh, agus leibhéal an eolais ar an teanga á shonrú agat.

- **Meastóir tallainne (Scagaire tallainne)**

I gcás próifílí na dteangeolaithe, agus má shonraítear iad san fhógra, beidh ort sraith ceisteanna a fhreagairt. Tá na ceisteanna bunaithe ar na critéir atá leagtha amach san fhógra agus déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ar do chuid freagraí. Beidh ar gach iarrthóir i gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin gach ceist a fhreagairt. Nuair a bheidh an doiciméad comhlánaithe agat, beidh ort é a uaslódáil le d'iarratas san áit atá curtha ar fáil chuige sin. Tabharfar freagraí gach iarrthóra don bhord roghnúcháin san fhormáid chéanna ionas gur féidir leis an mbord roghnúcháin measúnú mionsonraithe oibiachtúil a dhéanamh idir buanna na n-iarrthóirí go léir.

- **Foirm Dhearbhúcháin**

Más gá duit dearbhú a líonadh isteach san fhógra, ní mór é a íoslódáil, agus é comhlánaithe go cuí, sa réimse 'Dearbhú' a chuirtear ar fáil chun na críche sin agus an fhoirm iarratais ar líne á cur isteach, i gcomhréir leis an bhfógra. Tabhair do d'aire go bhfágann easpa dearbhaithe den sórt sin, nó dearbhú neamhiomlán a bheith curtha isteach, nach bhfuil an t-iarratas inghlactha.

## 4. DÍCHÁILIÚ

Dícháileofar thú ag céim ar bith de chomórtas/nós imeachta roghnúcháin más rud é:

- gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas amháin,
- go ndearna tú dearbhuithe bréagacha nó gur chuir tú doiciméid bhréagacha isteach
- nár fhreastail tú ar cheann amháin nó níos mó de na trialacha,
- go ndearna tú séitéireacht le linn na dtrialacha,
- go ndearna tú iarracht dul i dteagmháil le comhalta den bhord comórtais ar bhealach neamh-údaraithe,
- go ndearna do shíniú nó marc suaithinseach a chur ar na trialacha scríofa nó praiticiúla a mharcáiltear gan aon ainm luaite leo.

Tá an baol ann go ndícháileofar thú mura gcomhlíonfaidh tú na treoracha a thugtar do na trialacha ar líne.

Ní mór duit ardleibhéal iontaofachta a léiriú. Féadfar pionóis a fhorchur ort i dtaca le haon chalaois nó iarracht ar chalaois.

## 5. FÓGRA

Is fút féin atá sé a chinntiú go ndéanfar an t-iarratas ar líne, agus é comhlánaithe go cuí, agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha uile i gceangal leis seo, a bhailíochtú in Apply4EP roimh an sprioc-am atá leagtha síos san fhógra.

Tabharfar deimhniú ar gach iarratas a dhéanfar trí Apply4EP trí theachtaireacht ríomhphoist ina luafar go bhfuil an clárú déanta. Seiceáil d'fhillteán turscair, le do thoil.

Murar éirigh leat cuntas Apply4EP a chruthú nó má tá fadhbanna teicniúla agat, iarrtar orthu scríobh chuig an seoladh seo a leanas: PERS-APPLY4EPContacts@europarl.europa.eu.

**Ní bhreithneofar ach na hiarratais a chuirtear isteach ar Apply4EP. Dá réir sin, is saothar in aisce é iarratas a chur isteach tríd an bpost, bíodh an litir sin cláraithe nó ná bíodh. Ní ghlacfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain le hiarratais ach oiread a chuirfear isteach trí lámhsheachadadh.**

Is ar an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain atá an cúram déileáil le gach comhfhreagras leis na hiarrthóirí go dtí go mbeidh an comórtas/an nós imeachta roghnúcháin críochnaithe.

Déanfar an comhfhreagras go léir ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an gcomórtas/nós imeachta roghnúcháin, lena n-áirítear cuireadh chun na dtrialacha agus cur in iúl na dtorthaí, a sheoladh trí ríomhphost chuig na hiarrthóirí ag an seoladh a thugtar sa chomhad iarratais ar líne ar Apply4EP. Is fút féin atá sé do ríomhphoist a sheiceáil go rialta agus do shonraí pearsanta ar do chuntas Apply4EP a choimeád cothrom le dáta.

Iarrtar ort gan glaoch a chur ar an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain. Ba cheart duit aon cheisteanna atá agat a chur isteach trí fhreagra a thabhairt ar an ríomhphost a dhearbhaíonn d'iarratas ar líne.

I gcás deimhniú tinrimh a bheith uait don triail/do na trialacha, ba cheart duit d'iarraidh a sheoladh chuig an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain trí fhreagra a thabhairt ar an ríomhphost inar iarradh ort an triail/na trialacha a dhéanamh, tar éis an tseisiúin trialach.

Chun neamhspleáchas an bhoird roghnúcháin a choinneáil, ní féidir leat, i gcás ar bith, dul i dteagmháil leis an mbord féin, go díreach ná go hindíreach; má dhéanann tú amhlaidh, is féidir go ndícháileofar thú.

## 6. FAISNÉIS GHINEARÁLTA

### *6.1 Comhionannas deiseanna*

Glacann Parlaimint na hEorpa fíorchúram chun gach cineál idirdhealaithe a sheachaint le linn an nós imeachta roghnúcháin.

Is fostóir comhionannais deiseanna í agus fáiltíonn sí roimh iarratais gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, cine, dath craicinn, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith i do dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas pósta nó stádas teaghlaigh.

*6.2 Iarrataí ó iarrthóirí ar fhaisnéis a bhaineann leo a rochtain*

I gcomhthéacs comórtas agus nósanna imeachta roghnúcháin, tá ceart sonrach ag na hiarrthóirí faisnéis áirithe a bhaineann leo go díreach agus go leithleach a rochtain, faoi réir na gcoinníollacha a dtugtar tuairisc anseo thíos orthu. De bhua an chirt sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa an fhaisnéis seo a leanas a thabhairt d'iarrthóirí arna iarraidh sin dóibh:

(a) má dhéantar foráil san fhógra do thriail MCQ, féadfaidh na hiarrthóirí sin nach bhfuair pas sa triail sin nó nach bhfuil orthu siúd is airde marc, mar choinníoll lena ligean isteach sa chéad chéim eile den chomórtas/nós imeachta roghnúcháin, cóip dá bhfreagraí a fháil mar aon leis na freagraí cearta. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh d'aon mhí amháin** ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoin gcinneadh tríd an gcuntas Apply4EP.

(b) má dhéantar foráil san fhógra do mheastóir tallainne, na hiarrthóirí nach bhfuil orthu siúd a fuair cuireadh chuig an gcéad chéim eile den chomórtas/nós imeachta roghnúcháin ar bhonn na bpointí a fuair siad sa mheastóir tallainne, féadfaidh siad na pointí a fuair siad a fháil amach do gach ceist sa mheastóir tallainne. Más infheidhme sa nós imeachta, féadfaidh siad cóip dá bhfreagraí mar aon leis na freagraí cearta a fháil sa triail MCQ. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh d'aon mhí amháin** ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoin gcinneadh tríd an gcuntas Apply4EP.

(c) má dhéantar foráil san fhógra do mheasúnú ar cháilíochtaí, na hiarrthóirí nach bhfuil orthu siúd a fuair cuireadh chuig na trialacha, féadfaidh siad na pointí a fuair siad a fháil amach do gach ceann de na príomhchritéir i measúnú na gcáilíochtaí. Más infheidhme sa nós imeachta, féadfaidh siad freisin cóip dá bhfreagraí a fháil mar aon leis na freagraí cearta sa triail MCQ agus na pointí a fuair siad do gach ceann de na ceisteanna sa meastóir tallainne. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh d'aon mhí amháin** ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoin gcinneadh tríd an gcuntas Apply4EP.

(d) má dhéantar foráil san fhógra do thrialacha scríofa, na hiarrthóirí nach bhfuair pas sna trialacha sin nó nach bhfuair cuireadh chun na dtrialacha béil, féadfaidh siad cóip gan mharcáil dá bpáipéir thástála a fháil mar aon lena ngreille marcála aonair (ar a leagtar amach na pointí a fuarthas do gach ceann de na príomhchritéir mheasúnaithe). Más infheidhme sa nós imeachta, féadfaidh siad cóip dá bhfreagraí a fháil freisin mar aon leis na freagraí cearta sa triail MCQ, na pointí a fuair siad do gach ceist sa mheastóir tallainne agus na pointí a fuair siad do ceann de na príomhchritéir sa mheasúnú ar cháilíochtaí. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh d'aon mhí amháin** ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra don iarrthóir faoin gcinneadh trína gcuntas Apply4EP.

(e) i gcás iarrthóirí ar tugadh cuireadh chun na dtrialacha cainte dóibh agus nár cuireadh a n-ainm ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, ní chuirfear na marcanna a fuair siad sna trialacha éagsúla in iúl dóibh go dtí go mbeidh an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha tarraingthe suas ag an mbord roghnúcháin. Féadfaidh siad, arna iarraidh sin, cóip gan mharcáil dá dtrialacha scríofa agus dá ngreillí marcála aonair a fháil (ina leagtar amach na pointí a fuarthas do gach ceann de na príomhchritéir mheasúnaithe) do gach triail scríofa agus béil, agus, más infheidhme sa nós imeachta, cóip dá bhfreagraí mar aon leis na freagraí cearta sa triail MCQ, na pointí a fuair siad do ceann de na ceisteanna sa meastóir tallainne agus na pointí a fuair siad do gach ceann de na príomhchritéir sa

mheasúnú ar cháilíochtaí. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh d'aon mhí amháin** ón dáta a seoladh teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra d'iarrthóirí faoin gcinneadh gan iad a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha trína gcuntas Apply4EP;

(f) i gcás iarrthóirí a bheidh ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, cuirfear in iúl dóibh gur iarrthóirí iad ar éirigh leo sa chomórtas/nós imeachta roghnúcháin. Mar sin féin, féadfaidh na hiarrthóirí sin iarraidh a chur isteach ar rochtain ar fhaisnéis faoi phointe (e) thuas. Ní foláir aon iarraidh a dhéanamh **laistigh d'aon mhí amháin** ón dáta a seoladh teachtaireacht ríomhphoist ag tabhairt fógra d'iarrthóirí faoin gcinneadh iad a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha trína gcuntas Apply4EP;

Ní mór próiseáil iarrataí den sórt sin a réiteach le rúndacht obair an bhoird roghnúcháin amhail dá bhforáiltear i Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (Iarscríbhinn III, Airteagal 6), lena gcuirtear bac ar thuairimí an bhoird roghnúcháin a nochtadh ná ar aon fhaisnéis a bhaineann le meastóireachtaí ar iarrthóirí aonair nó le meastóireachtaí ina gcuirtear iarrthóirí i gcomparáid lena chéile a nochtadh. Déantar iarrataí den sórt sin a phróiseáil freisin i gcomhréir leis na rialacha maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil. Féachfaidh an Pharlaimint, le freagairt d'iarrataí ar rochtain laistigh de 1 mhí amháin ón iarraidh a fháil.

*6.3 Sonraí pearsanta a chosaint*

Déanann Parlaimint na hEorpa, ina cáil mar an comhlacht atá freagrach as eagrú nósanna imeachta roghnúcháin, a áirithiú go bpróiseáiltear sonraí pearsanta na n-iarrthóirí i ndlúthchomhlíonadh Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nadúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE[3], go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

*6.4 Speansais taistil agus chothaithe i gcás trialacha a eagraítear i bpearsa*

Déanfar ranníocaíocht i dtreo speansais taistil agus chothaithe na n-iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun na dtrialacha dóibh i gcás trialacha a eagraítear i bpearsa. Déanfar mionsonraí faoin gcomórtas agus na rátaí is infheidhme a thabhairt sa teachtaireacht lena dtugtar cuireadh don iarrthóir chun na dtrialacha.
Nóta: Oifigigh agus seirbhísigh eile a chumhdaítear le Rialacháin Foirne na nOifigeach nó le Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile a dtugtar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh i dtrialacha, sa chas ina mbíonn siad ar siúl i bpearsa, agus sa chás sin amháin, arna n-eagrú mar chuid de chomórtas nó de nós imeachta roghnúcháin, d'fhéadfadh sé go mbeidís i dteideal aisíocaíocht a fháil ar speansais mhisin.

Measfar gurb é an seoladh a thabharfar ar an bhfoirm iarratais ar Apply4EP an áit óna bhfágfaidh an t-iarrthóir le dul chuig an áit ina n-iarrfar air na trialacha a dhéanamh. I ndáil leis sin, ní fhéadfar aird a thabhairt ar athrú ar an seoladh a chuirfidh an t-iarrthóir in iúl tar éis do Pharlaimint na hEorpa cuirí chun na dtrialacha a sheoladh, ach amháin sa chás go measann an Pharlaimint go bhfuil force majeure i gceist nó gur cás é atá go hiomlán eisceachtúil.

[3] IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.

## 7. IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

Tá faisnéis maidir le hiarrataí ar athbhreithniú, achomhairc agus gearáin chuig an Ombudsman Eorpach in Iarscríbhinn III den treoir seo.

# IARSCRÍBHINN I

Treoir **tháscach** de cháilíochtaí de chuid an **Aontais Eorpaigh** lenar féidir cur isteach ar chomórtais don Fheidhmghrúpa AD[1] (arna meas ar bhonn cás ar chás

| **TÍR** | **Cúrsa ollscoile a mhaireann ceithre bliana ar a laghad** | **Cúrsa ollscoile a mhaireann trí bliana ar a laghad** |
|---|---|---|
| **Belgique – België – Belgien** | Licence/Licentiaat / Diplôme d'études approfondies (DEA) / Diplôme d'études spécialisées (DES) / Diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS) / Gediplomeerde in de Voortgezette Studies (GVS) / Gediplomeerde in de Gespecialiseerde Studies (GGS) / Gediplomeerde in de Aanvullende Studies (GAS) Agrégation de l'enseignement secondaire supérieur (AESS)/ Aggregaat Ingénieur industriel/Industrïeel ingenieur / Master — 60/120 ECTS / Master complémentaire — 60 ECTS ou plus Agrégation de l'enseignement secondaire supérieur (AESS) — 30 ECTS Doctorat/Doctoraal Diploma | Bachelor académique (dit «de transition») - 180 ECTS Academisch gerichte Bachelor - 180 ECTS |
| **България** | Диплома за висше образование Бакалавър — 240 ECTS / Магистър — 300 ECTS / Доктор Магистър след Бакалавър — 60 ECTS / Магистър след Професионален бакалавър по … — 120 ECTS | |
| **Česká republika** | Diplom o ukončení vysokoškolského studia / Magistr / Doktor | Diplom o ukončení bakalářského studia (Bakalář) |
| **Danmark** | Kandidatgrad/Candidatus / Master/Magistergrad (Mag.Art) / Licenciatgrad / Ph.d.-grad | Bachelorgrad (B.A or B. Sc) / Professionsbachelorgrad / Diplomingeniør |
| **Deutschland** | Master (alle Hochschulen) / Diplom (Univ.) / Magister / Staatsexamen / Doktorgrad | Bachelor / Fachhochschulabschluss (FH) Staatsexamen (Regelstudienzeit 3 Jahre) |
| **Eesti** | Rakenduskõrghariduse diplom Bakalaureusekraad (160 ainepunkti) / Magistrikraad / Arstikraad / Hambaarstikraad / Loomaarstikraad / Filosoofiadoktor / Doktorikraad (120–160 ainepunkti) | Bakalaureusekraad (min 120 ainepunkti) / Bakalaureusekraad (< 160 ainepunkti) |
| **Éire/Ireland** | Céim Onórach Bhaitsiléara (4 bliana/240 ECTS) *Honours Bachelor Degree* (4 *years*/ 240 ECTS) / Céim Ollscoile *University Degree /* Céim Mháistir (60-120 ECTS) *Master's Degree* (60-120 ECTS) / Céim Dochtúra *Doctorate* | Céim Onórach Bhaitsiléara (3 bliana/180 ECTS) (BA, B.Sc, B. Eng) *Honours Bachelor Degree* (3 *years*/180 ECTS) (BA, B.Sc, B. Eng) |
| **Ελλάδα** | Πτυχίο (ΑΕΙ πανεπιστημίου, πολυτεχνείου, ΤΕΙ υποχρεωτικής τετραετούς φοίτησης) 4 χρόνια (1ος κύκλος) Μεταπτυχιακό Δίπλωμα Ειδίκευσης (2ος κύκλος) Διδακτορικό Δίπλωμα (3ος κύκλος) | |
| **España** | Licenciado / Ingeniero / Arquitecto / Graduado / Máster Universitario / Doctor | Diplomado / Ingeniero técnico Arquitecto técnico/Maestro |

[1] Déantar daoine a fhostú ar ghráid 7 go 16 de ghrúpa feidhme AD faoin gcoinníoll breise go bhfuil taithí ghairmiúil iomchuí de bhliain amháin ar a laghad acu.

| | | |
|---|---|---|
| **France** | Maîtrise / MST (maîtrise des sciences et techniques) / MSG (maîtrise des sciences de gestion)<br>DEST (diplôme d'études supérieures techniques) / DRT (diplôme de recherche technologique)<br>DESS (diplôme d'études supérieures spécialisées) / DEA (diplôme d'études approfondies)<br>Master 1 / Master 2 professionnel / Master 2 recherche<br>Diplôme des grandes écoles / Diplôme d'ingénieur / Doctorat | Licence |
| **Italia** | Diploma di Laurea (DL) — da 4 a 6 anni / Laurea specialistica (LS) / Laurea magistrale (LM) / Master universitario di primo livello / Master universitario di secondo livello / Diploma di Specializzazione (DS) / Dottorato di ricerca (DR) | Diploma universitario (3 anni) / Diploma di Scuola diretta a fini speciali (3 anni) / Laurea — L180 crediti |
| **Κύπρος** | Πανεπιστημιακό Πτυχίο/Bachelor<br>Master / Doctorat | |
| **Latvija** | Bakalaura diploms (160 kredīti) / Profesionālā bakalaura diploms / Maģistra diploms / Profesionālā maģistra diploms / Doktora grāds | Bakalaura diploms (min. 120 kredīti) |
| **Lietuva** | Aukštojo mokslo diplomas / Bakalauro diplomas / Magistro diplomas / Daktaro diplomas / Meno licenciato diplomas | Profesinio bakalauro diplomas<br>Aukštojo mokslo diplomas |
| **Luxembourg** | Master / Diplôme d'ingénieur industriel / DESS en droit européen | Bachelor / Diplôme d'ingénieur technicien |
| **Magyarország** | Egyetemi oklevél / Alapfokozat – 240 kredit / Mesterfokozat / Doktori fokozat | Főiskolai oklevél / Alapfokozat – 180 kredit vagy annál több |
| **Malta** | Bachelor's degree / Master of Arts / Doctorate | Bachelor's degree |
| **Nederland** | HBO Bachelor degree<br>HBO/WO Master's degree<br>Doctoraal examen /Doctoraat | Bachelor (WO) |
| **Österreich** | Master Magister/Magistra<br>Magister/Magistra (FH)<br>Diplom-Ingenieur/in<br>Diplom-Ingenieur/in (FH)<br>Doktor/in<br>PhD | Bachelor<br>Bakkalaureus/Bakkalaurea<br>Bakkalaureus/Bakkalaurea (FH) |
| **Polska** | Magister / Magister inżynier<br>Dyplom doktora | Licencjat / Inżynier |
| **Portugal** | Licenciado / Mestre / Doutor | Bacharel / Licenciado |
| **Republika Hrvatska** | Baccalaureus / Baccalaurea (Sveučilišni Prvostupnik / Prvostupnica)<br>Stručni Specijalist<br>Master degree (magistar struke) 300 kredit min magistar inženjer/ magistrica inženjerka (mag. ing).<br>Doktor struke / Doktor umjetnosti | Baccalaureus / Baccalaurea (Sveučilišni Prvostupnik / Prvostupnica) |
| **România** | Diplomă de Licenţă / Diplomă de inginer / Diplomă de urbanist / Diplomă de Master / Diplomă de Studii Aprofundate / Certificat de atestare (studii academice postuniversitare) / Diplomă de doctor | Diplomă de Licență |
| **Slovenija** | Univerzitetna diploma/ Magisterij / Specializacija / Doktorat | Diploma o pridobljeni visoki strokovni izobrazbi |
| **Slovensko** | diplom o ukončení vysokoškolského štúdia / bakalár (Bc.) / magister magister/inžinier / ArtD | diplom o ukončení bakalárskeho štúdia (bakalár) |

| | | |
|---|---|---|
| **Suomi/ Finland** | Maisterin tutkinto — Magister-examen<br>Ammattikorkeakoulututkinto — Yrkeshögskoleexamen (min 160 opintoviikkoa — studieveckor)<br>Tohtorin tutkinto (Doktorsexamen) joko 4 vuotta tai 2 vuotta lisensiaatin tutkinnon jälkeen — antingen 4 år eller 2 år efter licentiatexamen / Lisensiaatti/Licentiat | Kandidaatin tutkinto - Kandidatexamen / Ammattikorkeakoulututkinto - Yrkeshögskoleexamen (min 120 opintoviikkoa — studieveckor) |
| **Sverige** | Magisterexamen (akademisk examen omfattande minst 160 poäng varav 80 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 20 poäng eller två uppsatser motsvarande 10 poäng vardera) / Licentiatexamen / Doktorsexamen<br>Meriter på avancerad nivå: Magisterexamen, 1 år, 60 högskolepoäng / Masterexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br>Meriter på forskarnivå: Licentiatexamen, 2 år, 120 högskolepoäng / Doktorsexamen, 4 år, 240 högskolepoäng | Kandidatexamen (akademisk examen omfattande minst 120 poäng varav 60 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 10 poäng)<br>Meriter på grundnivå: Kandidatexamen, 3 år, 180 högskolepoäng (Bachelor) |
| **United Kingdom** | Honours Bachelor degree / Master’s degree (MA, MB, MEng, MPhil, MSc) / Doctorate | (Honours) Bachelor degree<br>NB: Master’s degree in Scotland |
| | NOTE:<br>UK diplomas awarded until 31 December 2020 are accepted without an equivalence. UK diplomas awarded as from 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence issued by a competent authority of an EU Member State. | |

# IARSCRÍBHINN II

Treoir t**háscach** de cháilíochtaí de chuid an **Aontais Eorpaigh** lenar féidir cur isteach ar chomórtais don Fheidhmghrúpa AST[2] (arna meas ar bhonn cás ar chás).

| TÍR | Leibhéal iar-bhunoideachais (lena dtugtar rochtain ar oideachas tríú leibhéal) | Leibhéal ardoideachais (leibhéal breisoideachais neamh-ollscolaíochta nó cúrsa gearr ollscoile a mhaireann dhá bhliain ar a laghad) |
|---|---|---|
| **Belgique – België – Belgien** | Certificat de l'enseignement secondaire supérieur (CESS) / Diploma secundair onderwijs / Diplôme d'aptitude à accéder à l'enseignement supérieur (DAES) / Getuigschrift van hoger secundair onderwijs / Diplôme d'enseignement professionnel / Getuigschrift van het beroepssecundair onderwijs | Candidature - Kandidaat<br>Graduat - Gegradueerde<br>Bachelier (dit «professionnalisant» ou de «type court»)/ Professioneel gerichte Bachelor — 180 ECTS |
| **България** | Диплома за средно образование / Свидетелство за зрелост / Диплома / Диплома за завършено средно образование / Диплома за средно специално образование | Специалист по … |
| **Česká republika** | Vysvědčení o maturitní zkoušce | Vysvědčení o absolutoriu (Absolutorium) + diplomovaný specialista (DiS.) |
| **Danmark** | Bevis for: Studentereksamen<br>Højere Forberedelseseksamen (HF) / Højere Handelseksamen (HHX) / Højere Afgangseksamen (HA) / Bevis for Højere Teknisk Eksamen (HTX) | Videregående uddannelser = Bevis for = Eksamensbevis som (erhversakademiuddannelse AK) |
| **Deutschland** | Allgemeine Hochschulreife / Abitur / Fachgebundene Hochschulreife / Fachhochschulreife / Hochschulzugang für beruflich Qualifizierte | |
| **Eesti** | Gümnaasiumi lõputunnistus + riigieksamitunnistus<br>Lõputunnistus kutsekeskhariduse omandamise kohta | Tunnistus keskhariduse baasil kutsekeskhariduse omandamise kohta |
| **Éire/Ireland** | Ardteistiméireacht Grád D3 i 5 ábhar / *Leaving Certificate Grade D3 in 5 subjects /* Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT) / *Leaving Certificate Vocational Programme* (LCVP) | Teastas Náisiúnta / *National Certificate* /<br>Céim Bhaitsiléara / *Ordinary Bachelor Degree* Dioplóma Náisiúnta (ND, Dip.) / *National Diploma* (ND, Dip.) / Dámhachtain Ardteastas Ardoideachais (120 ECTS) / *Higher Certificate* (120 ECTS) |
| **Ελλάδα** | α) Απολυτήριο Γενικού Λυκείου<br>β) Απολυτήριο Κλασικού Λυκείου<br>γ) Απολυτήριο Τεχνικού — Επαγγελματικού Λυκείου<br>δ) Απολυτήριο Ενιαίου Πολυκλαδικού Λυκείου<br>Απολυτήριο Ενιαίου Λυκείου / Απολυτήριο Τεχνολογικού Επαγγελματικού Εκπαιδευτηρίου / Απολυτήριο Γενικού Λυκείου / Απολυτήριο Επαγγελματικού Λυκείου | Δίπλωμα επαγγελματικής κατάρτισης (ΙΕΚ) |
| **España** | Bachillerato Unificado y Polivalente (BUP) + Curso de Orientación Universitaria (COU) / Bachillerato | Técnico superior / Técnico especialista |

[2] Déantar daoine a fhostú ar ghrúpa feidhme AST faoin gcoinníoll breise go bhfuil taithí ghairmiúil iomchuí de thrí bliana ar a laghad acu.

| | | |
|---|---|---|
| **France** | Baccalauréat / Diplôme d'accès aux études universitaires (DAEU) / Brevet de technicien | Diplôme d'études universitaires générales (DEUG) / Brevet de technicien supérieur (BTS) / Diplôme universitaire de technologie (DUT) / Diplôme d'études universitaires scientifiques et techniques (DEUST) |
| **Italia** | Diploma di scuola secondaria superiore (diploma di maturità o esame di Stato conclusivo dei corsi di studio di istruzione secondaria superiore) | Certificato di specializzazione tecnica superiore/attestato di competenza (4 semestri) Diploma di istruzione e formazione tecnica superiore (IFTS) / Diploma di istruzione tecnica superiore (ITS) Diploma universitario (2 anni) Diploma di Scuola diretta a fini speciali (2 anni) |
| **Κύπρος** | Απολυτήριο | Δίπλωμα = Programmes offered by Public/Private Schools of Higher Education (for the latter accreditation is compulsory) / Higher Diploma |
| **Latvija** | Atestāts par vispārējo vidējo izglītību<br>Diploms par profesionālo vidējo izglītību | Diploms par pirmā līmeņa profesionālo augstāko izglītību |
| **Lietuva** | Brandos atestatas | Aukštojo mokslo diplomas<br>Aukštesniojo mokslo diplomas |
| **Luxembourg** | Diplôme de fin d'études secondaires et techniques | Brevet de technicien supérieur (BTS) / Brevet de maîtrise / Diplôme de premier cycle universitaire (DPCU) / Diplôme universitaire de technologie (DUT) |
| **Magyarország** | Gimnáziumi érettségi bizonyítvány / Szakközép-iskolai érettségiképesítő bizonyítvány / Érettségi bizonyítvány | Bizonyítvány felsőfokú szakképesítésről |
| **Malta** | Advanced Matriculation or GCE Advanced level in 3 subjects (2 of them grade C or higher) / Matriculation certificate (2 subjects at Advanced level and 4 at Intermediate level including systems of knowledge with overall grade A-C) + Passes in the Secondary Education Certificate examination at Grade 5 /<br>2 A Levels (passes A-E) + a number of subjects at Ordinary level, or equivalent | MCAST diplomas/certificates<br>Higher National Diploma |
| **Nederland** | Diploma VWO / Diploma staatsexamen (2 diploma's) / Diploma staatsexamen voorbereidend wetenschappelijk onderwijs (Diploma staatsexamen VWO) / Diploma staatsexamen hoger algemeen voortgezet onderwijs (Diploma staatsexamen HAVO) | Kandidaatsexamen<br>Associate degree (AD) |
| **Österreich** | Matura/Reifeprüfung<br>Reife-und Diplomprüfung<br>Berufsreifeprüfung | Kollegdiplom<br>Akademiediplom |
| **Polska** | Świadectwo dojrzałości<br>Świadectwo ukończenia liceum ogólnokształcącego | Dyplom ukończenia kolegium nauczycielskiego Świadectwo ukończenia szkoły policealnej |
| **Portugal** | Diploma de Ensino Secundário/ Certificado de Habilitações do Ensino Secundário | |
| **Republika Hrvatska** | Svjedodžba o državnoj maturi<br>Svjedodžba o zavrsnom ispitu | Associate degree<br>Graduate specialist<br>Stručni Pristupnik / Pristupnica |

| | | |
|---|---|---|
| **România** | Diplomă de bacalaureat | Diplomă de absolvire (Colegiu universitar) învăţamânt preuniversitar |
| **Slovenija** | Maturitetno spričevalo (Spričevalo o poklicni maturi) (Spričevalo o zaključnem izpitu) | Diploma višje strokovne šole |
| **Slovensko** | vysvedčenie o maturitnej skúške | absolventský diplom |
| **Suomi/ Finland** | Ylioppilastutkinto tai peruskoulu + kolmen vuoden ammatillinen koulutus – Studentexamen eller grundskola + treårig yrkesinriktad utbildning (Betyg över avlagd yrkesexamen på andra stadiet)<br>Todistus yhdistelmäopinnoista (Betyg över kombinationsstudier) | Ammatillinen opistoasteen tutkinto — Yrkesexamen på institutnivå |
| **Sverige** | Slutbetyg från gymnasieskolan (3-årig gymnasial utbildning) | Högskoleexamen (80 poäng)<br>Högskoleexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br>Yrkeshögskoleexamen/Kvalificerad yrkeshögskoleexamen, 1– 3 år |
| **United Kingdom** | General Certificate of Education Advanced level — 2 passes or equivalent (grades A to E)<br>BTEC National Diploma<br>General National Vocational Qualification (GNVQ), advanced level<br>Advanced Vocational Certificate of Education, A level (VCE A level) | Higher National Diploma/Certificate (BTEC)/SCOTVEC<br>Diploma of Higher Education (DipHE)<br>National Vocational Qualifications (NVQ) and Scottish Vocational Qualifications (SVQ) level 4 |
| | NOTE:<br>UK diplomas awarded until 31 December 2020 are accepted without an equivalence. UK diplomas awarded as from 1 January 2021 must be accompanied by an equivalence issued by a competent authority of an EU Member State. | |

# IARSCRÍBHINN III

## IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH

### A. Iarrataí ar athbhreithniú

Féadfaidh tú a iarraidh ar an mbord roghnúcháin athbhreithniú a dhéanamh ar na cinntí seo a leanas:

- gan tú a ligean sa chomórtas/nós imeachta roghnúcháin;
- gan cuireadh a thabhairt duit chun trialach (scríofa nó cainte),
- gan tú a chur ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.

Ní mór iarrataí ar athbhreithniú a sheoladh trí do chuntas Apply4EP laistigh de **10 lá féilire ón dáta a seoladh an teachtaireacht ríomhphoist inar tugadh fógra i dtaobh chinneadh an bhoird roghnúcháin**. Seolfar freagra chuig an duine lena mbaineann a luaithe agus is féidir.

Gabhfaidh cinneadh a ghlacfar tar éis iarraidh ar athbhreithniú ionad an chinnidh bunaidh. Dá bhrí sin, má chinneann iarrthóirí athbhreithniú ar chinneadh ón mbord roghnúcháin a thaisceadh, iarrtar orthu fanacht ar chinneadh an bhoird roghnúcháin sula ndéanfaidh siad, más gá, gearán nó achomharc breithiúnach a thaisceadh in aghaidh an chinnidh ar ábhar agóide dóibh é.

### B. Gearáin agus achomhairc bhreithiúnacha

Má mheasann tú gur cúis agóide duit cinneadh ón mbord roghnúcháin nó ón údarás ceapacháin, féadfaidh tú gearán a dhéanamh ag aon chéim den chomórtas/den nós imeachta roghnúcháin de bhun Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh[1].

Ba cheart an gearán a sheoladh chuig:

M. le Secrétaire général
Parlement européen
Bâtiment ADENAUER
L-2929 Luxembourg
LUXEMBOURG

Féadfaidh tú gearán a dhéanamh trí ríomhphost chuig Ar90@europarl.europa.eu má roghnaíonn tú do ghearán a chur isteach trí ríomhphost, glacann tú leis go gcuirtear gach cumarsáid agus tarchur an chinnidh deiridh chuig do sheoladh ríomhphoist. Thairis sin, tabhair do d'aire, le do thoil, má sheolann tú do ghearán trí ríomhphost, ní gá é a sheoladh tríd an bpost.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhféadfaidh an tÚdarás Ceapacháin cinntí na mbord roghnúcháin i gcomórtais/nósanna imeachta roghnúcháin a leasú nó a neamhniú. Má theastaíonn uait cinneadh a dhéanann bord roghnúcháin a agóid, is féidir achomharc a

[1] Féach Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

thaisceadh go díreach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh fiú amháin mura mbíonn gearán taiscthe cheana féin faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Nuair a dhéanann tú agóid in aghaidh cinneadh de chuid an Údaráis Ceapacháin, ní féidir achomharc a thaisceadh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh go dtí go mbeidh gearán curtha isteach agat.

Ní mór iarraidh ar achomharc breithiúnach a sheoladh chuig:

Tribunal de l'Union européenne
L-2925 Luxembourg
LUXEMBOURG,

bunaithe ar Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh.

Ní fhéadfar achomharc chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a dhéanamh ach amháin trí dhlíodóir atá údaraithe chun cleachtadh os comhair cúirte i mBallstát den Aontas Eorpach nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

Tosaíonn na tréimhsí ama a leagtar síos in Airteagail 90 agus 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, a bhfuil feidhm acu maidir leis an dá chineál achomhairc, ón dáta a tugadh fógra den chinneadh bunaidh a bhfuil éifeacht dhíobhálach aige nó, sa chás gur iarraidh ar athbhreithniú atá i gceist, ón dáta a tugadh fógra i dtaobh chinneadh an choiste roghnúcháin tar éis an athbhreithnithe.

**C. Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh**

Féadfaidh iarrthóirí, mar shaoránaigh nó cónaitheoirí de chuid an Aontais Eorpaigh, gearán a chur faoi bhráid:

Médiateur européen
1, avenue du Président Robert Schuman - BP 403
67001 Strasbourg Cedex
FRANCE,

faoi Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 94/262/CEGC, CE, Euratom ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir le rialacháin agus coinníollacha ginearálta d'fheidhmiú fheidhmeanna an Ombudsman[2].

Tugtar dá n-aire do na hiarrthóirí nach bhfuil aon éifeacht fhionraitheach ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse ama a leagtar síos in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le hachomhairc a thaisceadh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le hAirteagal 228(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní fhiosraíonn an tOmbudsman gearáin i gcás ina bhfuil nó ina raibh na fíorais a líomhnaítear faoi réir imeachtaí dlíthiúla.

Ní dhéanfaidh iarraidh ar athbhreithniú, gearán, achomhairc ná gearán chuig an Ombudsman Eorpach aon chur isteach ar obair an bhoird roghnúcháin.

---

[2] IO L 113, 4.5.1994, lch. 15.